# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2024
# Scrúduithe Iarchurtha

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Tíreolaíocht

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi na scéimeanna marcála do na scrúduithe iarchurtha.**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Is cóir a nótáil, áfach, nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na scéimeanna marcála do na scrúduithe iarchurtha chomh uileghabhálach le na scéimeanna marcála comhfhreagracha do phríomhshuí an scrúdaithe, mar cinntítear a gcomhsheasmhacht siúd thar fhoireann mhór scrúdaitheoirí.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe, agus an riachtanas comhleanúnachas caighdeán a choimeád idir an phríomhshuí agus an suí iarchurtha ó bhliain go bliain.
I gcás na scrúduithe iarchurtha, ciallaíonn sé seo go bhféadfadh leibhéal na sonraí a bheith difriúil de réir ceiste, toisc nach réiteofaí an scéim mharcála ach amháin do na ceisteanna a thug na hiarrthóirí fúthu ins na scrúduithe seo.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna marcála ina bhfuil réitigh eiseamláireacha nó freagraí, nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana (pé acu do na príomhscrúduithe nó do na scrúduithe iarchurtha). Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Dá réir sin, gnéithe de struchtúr, mionsonraí agus chur i bhfeidhm na scéime marcála le haghaidh scrúdú ar leith, ní gá gurb ionann iad don suí iarchurtha agus don phríomhshuí, nó gurb ionann iad ó bhliain go bliain.

## CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC

Tabhair faoi **DHEICH** gceist ar bith.

Tá gach ceist ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

Aon 10 gceist @ 8 marc an cheann.
Déan gach ceist a ndearnadh iarracht uirthi a mharcáil agus bronn marcanna ar na deich gceist leis na marcanna is airde.

| | |
|---|---|
| C1<br>(i) B Éasc-scairp 1m<br>D Fócas 1m<br>C Eipealár 1m<br>A Tonn sheismeach 1m<br>(ii) (a) Seismeagraf 2m<br>(b) Gnáthéasc 2m | C7<br>(i) 430 (m) 2m<br>(ii) 5.6 (kms) 2m<br>(iii) Buaircíneach 2m<br>(iv) 14 ($Km^2$) 2m |
| C2<br>B Sleabhcadh 1m & Próiseas ollghluaiseachta 1m<br>C Comhbhrú 1m & Cósta 1m<br>D Srutharlú 1m & Abhann 1m<br>A Maidhm shléib 1m & Próiseas ollghluaiseachta 1m | C8<br>(i) Soir ó Dheas 2m<br>(ii) Loch Sháilín 2m<br>(iii) M 145 903 2m<br>(iv) Abhainn Chaisleán an Bharraigh 2m |
| C3<br>(i) C Airéit 1m<br>A Murlach 1m<br>D Loch Coire/lomloch 1m<br>B Cumar 1m<br>(ii) Soir ó dheas/soir soir ó dheas 2m<br>(iii) Cósta 2m | C9<br>B Sa chúlra ar chlé<br>C Talamh láir ar dheis<br>D Chun Tosaigh ar Dheis<br>E I Lár Báire |
| Q4 Suíomh Fótagraf<br>(i) B Gaineamhchloch 1m & 2 1m<br>C Eibhear 1m & 1 1m<br>A Basalt 1m & 3 1m<br>(ii) Grianchloichít 2m | C 10<br>(i) 3 (%) 2m<br>(ii) 25 (%) 2m<br>(iii) Thuas 2m<br>(iv) Míniú bailí ar bith 1m + 1m |
| C5<br>Aeráide Fionnuar Measartha Aigéanach 1m<br>Geomoirfeolaíoch Ardchlár Aontrama-Dhoire 1m<br>Riaracháin/Éire Comhairle Contae Chill Mhantáin 1m<br>Croí Imchuach Pháras 1m<br>Uirbeach München 1m<br>Cultúrtha/Éire An Ghaeltacht 1m<br>Imeallach Mezzogiorno 1m<br>Roinn Riaracháin/Pas de Calais na Fraince 1m | C11<br>(i) An Pholainn 2m<br>(ii) 6.7 2m<br>(iii) 75,401 2m<br>(iv) Bréagach 2m |
| C6<br>(i) Fíor 2m<br>(ii) Bréagach 2m<br>(iii) Bréagach 2m<br>(iv) Fíor 2m | C12<br>(i) B 2m<br>(ii) D 2m<br>(iii) C 2m<br>(iv) A 2m |

**PATTERNS AND PROCESSES IN THE PHYSICAL ENVIRONMENT**

**Questions 1 to 3**

Attempt **ONE** question

## Ceist 1

### 1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.
Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh mar is ceart gach ceann díobh seo a leanas:

- Limistéar iomlán Loch an Roisín i lár na léarscáile
- Limistéar iomlán talún atá os cionn 300 méadar siar ó Oirlíne 12
- Limistéar de choillearnach dhuillsilteach in iardheisceart na léarscáile
- Cúrsa iomlán Abhainn Chaisleán an Bharraigh ó M 180 923 go M 139 903, áit a dtéann sí isteach i Loch Chaisleán an Bharraigh.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Coibhneas | 4 mharc (Grádaithe 4/0) |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0) |
| | Ainmnithe - 1 mharc |

- Ní mór imlíne na sracléarscáile a bheith tarraingthe go leathscála an achair a leagtar síos. Is é an méid a theastaíonn ná 12cm x 9cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm].
- Ní mór ceithre thaobh tarraingthe a bheith ag an sracléarscáil. Níl sé inghlactha imeall an leathnaigh a úsáid. Cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre. Ná ceadaigh ach marcanna lipéadaithe.
- Má úsáidtear aerfótagraf in ionad léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis 0 marc.
- Féadfaidh lipéid a bheith curtha ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór iarracht a bheith ann ar ghné a thaispeáint chun go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc go ndearnadh iarracht í a aimsiú.
- Marcanna taispeána grádaithe 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) le haghaidh lánmharcanna taispeána.
- Is féidir an sracléarscáil a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

**1B. Carraig Mheiteamorfach**

Mínigh foirmiú carraigeacha meiteamorfacha, agus tagairt á déanamh agat do shamplaí as Éirinn.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Carraig mheiteamorfach ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| Scrúdú ar fhoirmiú | 13 x PSÁ |

- Ní mór scrúdú a dhéanamh ar gach carraig mheiteamorfach eile.
- Tabhair creidiúint 2 x PSÁ samplaí bailí de shuíomhanna Éireannacha do gach carraig.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Tabhair creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis í seo nár tugadh cheana sa chuntas scríofa.
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil ann ach cur síos ar charraigeacha meiteamorfacha gan tagairt don fhoirmiú.

**1C. Teorainneacha Plátaí**

Pléigh agus mínigh teorainneacha scriosacha plátaí, agus tagairt á déanamh agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.


**[30m]**

Cur síos/Míniú 15 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as sampla ón gcur síos/míniú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- 8 x PSÁ ar a mhéad i gcás ina bhfuil cur síos gan míniú ar theorainneacha scriosacha plátaí.

## Ceist 2

### 2A. Tírdhreacha Carstacha




Curtha in oiriúint ó www.clydebankgeography.com

Scrúdaigh an léaráid thuas ar a dtaispeántar tírdhreach carstach agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas:

(i) Ainmnigh gach ceann de na gnéithe dromchla ar a bhfuil lipéad **A** agus **B** sa léaráid thuas.

(ii) Ainmnigh na gnéithe faoi thalamh ar a bhfuil lipéad **C, D** agus **E** sa léaráid thuas.

(iii) Luaigh cé acu fíor nó bréagach atá an ráiteas seo a leanas:
Is abhainn bhorrtha í an cineál abhann ag **F.**

(iv) Ainmnigh an cineál síonchaithimh cheimicigh is mó a bhaineann le foirmiú tírdhreacha charstaigh.

(v) Luaigh cad a chiallaíonn an téarma carraig *thréscaoilteach*.

(vi) Cad é an téarma atá ar scoilteanna ingearacha a fhaightear in aolchloch.

**[20m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | A | Clint | 2 mharc |
| | B | Gríog | 2 mharc |
| (ii) | C | Aolchuisne | 2 mharc |
| | D | Aolchoinneal | 2 mharc |
| | E | Gallán/Colún | 2 mharc |
| (iii) | Bréagach | | 2 mharc |
| (iv) | Carbónáitú | | 2 mharc |
| (v) | Míniú bailí ar bith | | 2 mharc |
| (vi) | Ailt | | 4 mharc |

**2B. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla**

'Bíonn tionchar ag gníomhaíocht an duine ar phróisis dromchla.'

Scrúdaigh an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat do **cheann amháin** díobh seo a leanas:

- An tionchar a bhíonn ag bearta rialúcháin tuilte ar phróisis abhann
- An tionchar a bhíonn ag bearta cosanta cósta ar phróisis chósta
- An tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí an duine ar phróisis ollghluaiseachta.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar ar phróiseas aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 14 x PSÁ |

- Tabhair 1 x PSÁ as an dara tionchar ar an bpróiseas a aithníodh ón scrúdú.
- Maidir le haon tionchar sa bhreis, tá gá le scrúdúchán.
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as sampla sonrach ón scrúdúchán.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Tabhair creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Féadfaidh an plé a bheith dearfach nó diúltach.
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil iontu ach cur síos ar ghníomhaíocht dhaonna gan tagairt ar bith don tionchar ar phróisis dromchla.
- Níl an cheist ceangailte le hÉirinn.

**2C. Gníomhaíocht Theicteonach – Tírdhreach na hÉireann**

Scrúdaigh an tionchar atá ag gníomhaíocht teicteonach ar thírdhreach na hÉireann.

**[30m]**


An tionchar atá ag gníomhaíocht theicteonach ar thírdhreach na hÉireann ainmnithe 2 mharc

Scrúdúchán 14 x PSÁ

- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as an dara tionchar ar thírdhreach na hÉireann a aithníodh ón scrúdú. Ní mór scrúdú a dhéanamh ar gach tionchar eile.
- Tabhairt creidiúint 2 x PSÁ i gcomhair samplaí a aithníodh ón scrúdú.
- Tá an cheist ceangailte le tírdhreach na hÉireann.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- 2 x PSÁ ar a mhéad as cur síos ar an tírdhreach ábhartha gan tagairt do thionchar na gníomhaíochta teicteonaí.
- 2 x PSÁ ar a mhéad as scrúdú ar an ngníomhaíocht theicteonach gan tagairt do thírdhreach na hÉireann.

## Ceist 3

### 3A. Struchtúr an Domhain




Amended from www.nationalgeographic.com

Scrúdaigh an léaráid ar struchtúr an domhain thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas:

(i) Ainmnigh gach ceann de shraitheanna an domhain ar a bhfuil lipéad **A, B, C** agus **D**

(ii) Ainmnigh pláta teicteonach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(iii) Cad é an téarma le haghaidh carraig leáite faoi dhromchla an domhain?

(iv) Ainmnigh ceann **amháin** de na príomh-mhianraí a bhfuil an chuid den domhan ar a bhfuil lipéad **B** thuas air comhdhéanta díobh.

(v) Ainmnigh an próiseas trína bhfórsáiltear pláta teicteonach amháin faoi phláta eile.

(vi) Mínigh go hachomair conas a ghluaiseann plátaí teicteonacha.

**[20m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | A | Screamh | 2 mharc |
| | B | Croí istigh | 2 mharc |
| | C | Croí amuigh | 2 mharc |
| | D | An maintlín | 2 mharc |
| (ii) | Aon fhreagra bailí | | 2 mharc |
| (iii) | Magma | | 2 mharc |
| (iv) | Iarann / Nicil | | 2 mharc |
| (v) | Fodhuchtú | | 2 mharc |
| (vi) | Míniú bailí ar bith | | 2 + 2 mharc |

## 3B. Iseastatacht

Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag iseastatacht ar an tírdhreach cósta agus/nó ar an tírdhreach abhann.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 14 x PSÁ |

- Tabhair creidiúint as an dara agus an tríú tionchar do 2 x PSÁ a aithníodh ón scrúdú. Maidir le haon tionchar sa bhreis, tá gá le scrúdúchán.
- Tabhair creidiúint as sampla sonrach ainmnithe amháin le haghaidh 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ i gcomhair eolas ábhartha breise ar léaráid lipéadaithe. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- 2 x PSÁ ar a mhéad murar tugadh ach cur síos ar iseastatacht gan tagairt ar bith don tionchar an tírdhreach.
- Níl an cheist seo teoranta d'Éirinn

**3C. Próisis Dromchla**

**Freagair** (i) **nó** (ii)

(i) Scrúdaigh an ról atá ag an **bpróiseas creimthe** ar fhoirmiú tírghné abhann **amháin nó** tírghné cósta **amháin** nó tírghné oighrí **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Próiseas creimthe aitheanta | 2 mharc |
| Tírghné ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 13 x PSÁ |

- Tabhair creidiúint don 2ú próiseas creimthe atá aitheanta do 1 x PSÁ ón scrúdú Ní mór scrúdú a dhéanamh ar gach tagairt bhreise do phróisis chreimthe.
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as sampla ón scrúdúchán.
- Tá fócas na ceiste ar ról na bpróiseas creimthe maidir le foirmiú tírghné amháin. Míniú ar phróisis sil-leagan 0 marc.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis í seo nár tugadh cheana sa chuntas scríofa.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ar a mhéad mura dtugtar ach cur síos ar thírghné agus gan aon trácht ar fhoirmiú.
- Níl an cheist ceangailte le hÉirinn.

**Nó**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar na tosca a rialaíonn feidhmiú próisis ollghluaiseachta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tosca aitheanta | 2 + 2 mharc |
| Próiseas ollghluaiseachta.ainmnithe | 2 mharc |
| Cur síos/míniú | 12 x PSÁ |

- Tá cur síos/míniú de dhíth maidir le gach toisc sa bhreis.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla sonrach ón gcur síos/míniú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Tabhair creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Níl an cheist seo teoranta d'Éirinn
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil ann ach cur síos ar ollghluaiseacht gan tagairt do thosca a rialaíonn a hoibriú.

| REGIONAL GEOGRAPHY |
|---|
| **Questions 4 to 6** |
| Attempt **ONE** question |

## Ceist 4

### 4A. Scileanna Léarscáile

Tarraing léarscáil imchrutha de réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas:

- Imchruth de ghné ainmnithe rilífe (talamh ard nó talamh íseal)
- Lárionad uirbeach ainmnithe
- Nasc bóthair nó iarnróid ainmnithe
- Cúrsa abhann ainmnithe.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na léarscáile | 4 mharc (grádaithe 4/2/0) |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Taispeánta 2 mharc grádaithe (2/1/0)<br>Ainmnithe - 2 mharc |

- ➢ Ná glactar le léarscáil imlíne de réigiún Éireannach nó Eorpach.
- ➢ Glac le haon chineál lárionad uirbeach bailí, beag beann ar mhéid an lárionaid.
- ➢ Is féidir an léarscáil imlíne a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.
- ➢ Féadfaidh ainmneacha a bheith scríofa ar an tsracléarscáil nó in eochair.
- ➢ Tugtar marcanna as na gnéithe is gá a ainmniú más bailí agus ceart na hainmneacha fiú mura dtaispeántar na gnéithe nó má thaispeántar mícheart iad.
- ➢ Sa chás ina dtaispeántar gnéithe ach go n-ainmnítear mícheart iad, nó nach n-ainmnítear in aon chor iad, tugtar 0 marc don taispeáint agus 0 marc don ainmniú.

## 4B. Coincheap Réigiúin

Scrúdaigh conas is féidir ceann **amháin** díobh seo a leanas a úsáid chun réigiúin chultúrtha a shainiú, agus tagairt á déanamh agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

- Teanga
- Reiligiún.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Sampla | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as an dara sampla ón scrúdúchán.
- Ní mór scrúdú a dhéanamh ar gach sampla eile.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh sracléarscáil lipéadaithe bailí ón scrúdúchán.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ breise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sracléarscáil. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

## 4C. Gníomhaíocht Gheilleagrach

Scrúdaigh **dhá** thoisc a imríonn tionchar ar fhorbairt gníomhaíochta geilleagraí treasaí **amháin** i réigiún **Eorpach** (ní in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tosca aitheanta | 2 + 2 mharc |
| Scrúdú ar Thoisc 1 | 7/6 x PSÁ |
| Scrúdú ar Thoisc 2 | 6/7 x PSÁ |

- Tabhair creidiúint 2 x PSÁ as samplaí faoi leith de ghníomhaíocht gheilleagrach threasach ón scrúdúchán.
- Ná glactar le réigiún Éireannach ná le réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- Scrúdú gan tagairt do réigiún ainmnithe nó tátal soiléir 0 marc.
- 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce mura ndéantar ach cur síos ar thoisc gan aon tagairt d'fhorbairt na gníomhaíochta geilleagraí treasaí
- 7 x PSÁ ar a mhéad mura scrúdaítear ach toisc amháin.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.
- Is féidir le sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú.
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ bhreise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sceitse. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

## Ceist 5

### 5A. Iompar san Aontas Eorpach

Líon na bPaisinéirí (na milliúin) in Aerfoirt Roghnaithe san Aontas Eorpach (AE).

| Aerfoirt | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|
| Frankfurt | 71 | 19 | 25 |
| Orly-Páras | 32 | 11 | 16 |
| Baile Átha Cliath | 33 | 7 | 8 |
| Charles De Gaulle-Páras | 76 | 22 | 26 |
| Barcelona | 52 | 12 | 18 |
| Schiphol-Amstardam | 72 | 21 | 25 |
| Maidrid | 60 | 17 | 23 |

Curtha in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar líon na bpaisinéirí d'aerfoirt roghnaithe san AE ó 2019 go 2021 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén t-aerfort a raibh an líon b'airde paisinéirí ann in 2019.

(ii) Cá mhéad paisinéir (na milliúin) a bhí ag aerfort Orly-Páras in 2021?

(iii) Ainmnigh an **dá** aerfort a raibh an líon céanna paisinéirí acu (ina milliúin) in 2021.

(iv) Ríomh meánlíon (meán) na bpaisinéirí (i milliúin) in aerfort Barcelona do 2019, 2020 agus 2021.

(v) Tabhair míniú gearr ar chúis **amháin** ar tháinig laghdú ar líon na bpaisinéirí in 2020?

(vi) Tabhair míniú gearr ar chúis **amháin** a bhfuil aeriompar tábhachtach d'Éirinn.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Charles de Gaulle-Páras | 2 mharc |
| (ii) | 16 (milliún) | 2 mharc |
| (iii) | Frankfurt & Schiphol-Amstardam | 2 + 2 mharc |
| (iv) | 27.3 (milliún) | 4 mharc |
| (v) | Míniú bailí ar bith | 2 + 2 mharc |
| (vi) | Míniú bailí ar bith | 2 + 2 mharc |

**5B. Réigiúin Shocheachnamaíocha**

Scrúdaigh cúiseanna **agus** tionchair an laghdaithe thionsclaíoch agus tagairt á déanamh agat do réigiún/réigiúin ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air/uirthi.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Cúis aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdú ar chúis | 7/6 x PSÁ |
| Tionchar aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdú ar thionchar | 6/7 x PSÁ |

- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as sampla sonrach ón scrúdúchán.
- 7 x PSÁ ar a mhéad mura scrúdaítear ach na cúiseanna nó na tionchair amháin.
- Maidir le sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha sa bhreis ar an tsracléarscáil, nach bhfuil sa chuntas scríofa cheana féin, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.

## 5C. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil - Talmhaíocht

Mínigh an fhorbairt ar thalmhaíocht i réigiún **Ilchríochach / Fo-Ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip), a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.


**[30m]**

Scrúdúchán 15 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ le haghaidh tosca a imríonn tionchar ar fhorbairt na talmhaíochta ón scrúdú. Is gá gach toisc sa bhreis a scrúdú.
- Tabhair creidiúint 2 x PSÁ le haghaidh samplaí sonracha den talmhaíocht.
- Ná glac le réigiún Éireannach nó le réigiún Eorpach.
- Scrúdú gan nasc le réigiún ainmnithe nó tátal soiléir 0 marc.
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura dtugtar ach cur síos gan tagairt ar bith d'fhorbairt na talmhaíochta.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar fhorbairt.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh sracléarscáil lipéadaithe bailí ón scrúdúchán.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ breise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sracléarscáil. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.

## Ceist 6

### 6A. Ioncam Feirme de réir Cineáil




Curtha in oiriúint ó www.teagasc.ie

Scrúdaigh an ghrafaic thuas a thaispeánann ioncam feirme teaghlaigh de réir earnála, in Éirinn, ó 2019 go 2022 agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cad é an tIoncam Feirme (i €) d'fheirmeoirí arúla in 2020?
(ii) Ainmnigh **dhá** chineál feirme inar tháinig laghdú ar ioncam ó 2021 go 2022
(iii) Cá mhéad (i €) de mhéadú a tháinig ar ioncam feirme déiríochta idir 2019 agus 2022?
(iv) Ríomh an t-athrú ar ioncam feirme caorach idir 2019 agus 2022
(v) Mínigh go hachomair céard a chiallaíonn an téarma *feirmeoireacht arúil*
(vi) Mínigh go hachomair conas a théann ioncam feirme níos airde chun tairbhe d'Éirinn.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | €33,300 | 2 mharc |
| (ii) | Eallach agus Caoirigh | 2 + 2 mharc |
| (iii) | €81,000 | 2 mharc |
| (iv) | €1,500 | 4 mharc |
| (v) | Míniú bailí ar bith | 2 + 2 mharc |
| (vi) | Míniú bailí ar bith | 2 + 2 mharc |

## 6B. An tAontas Eorpach

Mínigh **gach** ceann de na dúshláin seo a leanas atá roimh bhallstáit an Aontais Eorpaigh faoi láthair:

- Dúshláin shóisialta
- Dúshláin eacnamaíocha.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Dúshlán sóisialta aitheanta | 2 mharc |
| Míniú ar dhúshláin shóisialta | 7/6 x PSÁ |
| Dúshlán eacnamaíoch aitheanta | 2 mharc |
| Míniú ar dhúshláin eacnamaíocha | 6/7 x PSÁ |

- 7 x PSÁ ar a mhéad mura mínítear ach dúshláin shóisialta nó dúshláin eacnamaíocha.
- Is féidir leis an bhfreagra a bheith bunaithe ar bhallstát amháin, ar roinnt Ballstát, ar an Aontas i gcoitinne nó ar mheascán díobh sin.

## 6C. Forbairt Uirbeach

Scrúdaigh na tosca a raibh tionchar acu ar an bhforbairt a tháinig ar limistéar uirbeach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Limistéar uirbeach ainmnithe | 2 mharc |
| Tosca aitheanta | 2 + 2 mharc |
| Scrúdúchán | 12 x PSÁ |

- Tabhair creidmheas as an tríú toisc a aithníodh do 1 x PSÁ ón scrúdú. Is gá gach toisc sa bhreis a scrúdú.
- Glactar le haon chineál limistéar uirbeach bailí, nó cuid de sin, beag beann ar mhéid an limistéir.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do limistéar uirbeach ainmnithe ná do limistéar uirbeach a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Is féidir leis an scrúdú a bheith bunaithe ar léirmhíniú dearfach nó diúltach ar fhorbairt.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh sracléarscáil lipéadaithe bailí ón bplé.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ breise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sracléarscáil. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.

## ROINN 3

## TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

**7A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chaisleán an Bharraigh a ghabhann leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.
Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh mar is ceart gach ceann díobh seo a leanas:

- Loch
- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile
- Carrchlós sa tulra ar chlé
- Staid spóirt.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Coibhneas | 4 mharc (Grádaithe 4/0) |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0) |
| | Ainmnithe - 1 mharc |

- Ní mór go mbeadh an tsracléarscáil tarraingthe go leath an fhaid agus leath an leithid. Is iad na tomhais a theastaíonn 14.7 cm x 9.7 cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm].
- Ní mór ceithre thaobh tarraingthe a bheith ag an sracléarscáil. Níl sé inghlactha imeall an leathnaigh a úsáid. Cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó nach ndéantar ach cuid den aerfótagraf a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre. Ná ceadaigh ach marcanna lipéadaithe.
- Má úsáidtear an tSuirbhéireacht Ordanáis in ionad an aerfótagraif 0 marc.
- Féadfaidh lipéid a bheith curtha ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór iarracht a bheith ann ar ghné a thaispeáint chun go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc go ndearnadh iarracht í a aimsiú.
- Marcanna taispeána grádaithe 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) le haghaidh lánmharcanna taispeána.
- Is féidir an sracléarscáil a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

**7B. Cuideachta Ilnáisiúnta**

Scrúdaigh an tionchar a imríonn domhandú ar thrádáil dhomhanda agus tagairt á déanamh agat d'oibríochtaí cuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Cuideachta Ilnáisiúnta ainmnithe | 2 mharc |
| Tionchar an domhandaithe ar thrádáil dhomhanda aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 13 x PSÁ |

- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as an dara tionchar a aithníodh ón scrúdúchán. Maidir le haon tionchar sa bhreis, tá gá le scrúdúchán.
- 2 x PSÁ ar a mhéad le haghaidh díospóireacht gan nasc le cuideachta ilnáisiúnta ainmnithe.
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil ann ach cur síos ar chuideachta ilnáisiúnta.
- Ní gá don chuideachta ilnáisiúnta a bheith ina cuideachta atá bunaithe in Éirinn. Níl an cheist ceangailte le hÉirinn.

**7C. Beartas de chuid an Aontais Eorpaigh**

Scrúdaigh an tionchar atá ag beartas de chuid an Aontais Eorpaigh ar fhorbairt na gníomhaíochta príomhúla geilleagraí in Éirinn.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar ar ghníomhaíocht phríomhúil aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 14 x PSÁ |

- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as an dara tionchar a aithníodh ón scrúdúchán.
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as tagairt do bheartas ón scrúdúchán.
- Maidir le haon tionchar agus beartais eile, tá gá le scrúdú.
- 2 x PSÁ ar a mhéad as scrúdú gan tagairt do thionchar bheartas an Aontais Eorpaigh ar ghníomhaíocht phríomhúil gheilleagrach.
- 2 x PSÁ ar a mhéad nó scrúdú gan tagairt do bheartas an Aontais Eorpaigh.
- Glac le dearcthaí dearfacha agus diúltacha laistigh den scrúdú.

# Ceist 8

## 8A. Ídiú Fuinnimh

Ídiú an Aontais Eorpaigh (i %) de réir cineál breosla i mBlianta Roghnaithe

| Cineál Breosla | 2006 | 2016 | 2021 |
|---|---|---|---|
| Núicléach | 15.6 | 14.4 | 14.1 |
| Foinsí In-athnuaite agus Bithbhreoslaí | 8.5 | 15.1 | 19.0 |
| Ola | 33.5 | 30.9 | 28.7 |
| Gás Nádúrtha | 22.9 | **X** | 24.6 |
| Breoslaí Soladacha Iontaise | 18.5 | 16.2 | 12.1 |
| Eile | 1 | 1.5 | 1.5 |

Curtha in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann ídiú fuinnimh an Aontais Eorpaigh (AE) in 2006, 2016 agus 2021. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén cineál breosla ba mhó a úsáideadh in 2006?

(ii) Ainmnigh **dhá** chineál breosla ar tháinig laghdú ar a gcéatadán ídithe idir 2006 agus 2021.

(iii) Ríomh **X**, an t-ídiú fuinnimh iomlán (%) den ghás nádúrtha in 2016.

(iv) Tabhair sampla **amháin** d'fhuinneamh in-athnuaite.

(v) Mínigh go hachomair **dhá** chúis a bhfuil méadú tagtha ar ídiú fuinnimh in-athnuaite agus bithbhreoslaí ó 2006 go 2021.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Ola | 2 mharc |
| (ii) | Breoslaí Núicléacha, Ola, Soladacha Iontaise (dhá cheann ar bith) | 2 + 2 mharc |
| (iii) | 21.9 (%) | 4 mharc |
| (iv) | Sampla bailí ar bith | 2 mharc |
| (v) | Míniú bailí ar bith | 2 + 2 mharc |
| | | 2 + 2 mharc |

**8B. Coilíneachas**

Scrúdaigh na dúshláin a bhí mar thoradh ar an gcoilíneachas atá le sárú ag geilleagar atá i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Dúshláin aitheanta | 2 + 2 mharc |
| Geilleagar i mbéal forbartha ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 12 x PSÁ |

- Ní mór scrúdú a dhéanamh ar gach dúshlán eile.
- 2 x PSÁ ar a mhéad as an scrúdú gan tagairt do thír i mbéal forbartha ainmnithe.
- Dírítear an cheist ar na dúshláin a bhíonn roimh gheilleagar i mbéal forbartha mar thoradh ar an gcoilíneachas.
- 2 x PSÁ ar a mhéad más díreach cur síos ar an gcoilíneachas atá ann, gan tagairt do thionchair a bhíonn roimh an ngeilleagar i mbéal forbartha mar thoradh ar an gcoilíneachas.
- 2 x PSÁ ar a mhéad más díreach cur síos ar an ngeilleagar i mbéal forbartha atá ann, gan aon tagairt do na dúshláin a bhíonn ann mar thoradh ar an gcoilíneachas.

## 8C. Suíomh na Gníomhaíochta Geilleagraí

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair an cheist seo a leanas.

Pléigh **trí** chúis a bhfuil ceantar Chaisleán an Bharraigh oiriúnach mar láthair chun turasóireacht a fhorbairt ann. Bain úsáid as fianaise ó léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis chun tacú le gach cúis.

**[30m]**

Trí chúis @ 10 mharc an ceann

Le haghaidh **gach** cúis:

| | |
|---|---|
| Cúis luaite | 2 mharc |
| Fianaise léarscáile SO | 2 mharc |
| Plé | 3 x PSÁ |

- Glactar le dhá fáth ar a mhéad i ndáil le modhanna éagsúla iompair.
- Má úsáidtear aerfótagraf, ceadaigh marcanna ar chúiseanna a lua ach amháin má tá siad bailí agus ábhartha do léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

## Ceist 9

### 9A. Gníomhaíocht Gheilleagrach

Gluaisteáin nua a cláraíodh in Éirinn i mí Eaná

| Bliain | Líon na ngluaisteán (ina mílte) |
|---|---|
| 2013 | 16 |
| 2015 | 28 |
| 2017 | 40 |
| 2019 | 37 |
| 2021 | 30 |
| 2023 | 25 |

Curtha in oiriúint ó CSO

Scrúdaigh na sonraí thuas ina dtaispeántar líon na ngluaisteán nua a cláraíodh in Éirinn i mí Eanáir ó 2013-2023, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

**[16m]**

| | **Barrachairt** | **Píchairt** |
|---|---|---|
| Teideal | 2 mharc | 2 mharc |
| Ais cheartingearach ainmnithe | 1 mharc | 1 mharc- Ciorcal |
| Ais chothrománach ainmnithe | 1 mharc | 1 mharc-Láraithe |
| 6 mhír léirithe | 2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0) | 2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0) |

- Glactar le haon ghraf/chairt oiriúnach.
- Ní leor ainm a thabhairt ar chineál an ghraif/na cairte chun na marcanna i leith an teidil a ghnóthú. Ní mór tagairt a bheith sa teideal d’ábhar na cairte, agus is féidir é a scríobh aon áit ar an ngraf.
- Sa chás nach n-úsáidtear grafpháipéar, dealaítear 2 mharc ón iomlán.
- Cuir an 2 mharc grádaithe i bhfeidhm mura mbreactar síos i gceart na spásanna uimhrithe agus leithid na gcolún.

(ii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** lena bhféadfar clárú gluaisteáin nua a úsáid mar chomhartha maith ar rathúnas eacnamaíoch.

**[4m]**

Míniú bailí ar bith 2 + 2 mharc

**9B. Forbairt Inbhuanaithe**

Scrúdaigh an dóigh ar féidir gníomhachtaí geilleagracha a fhorbairt i slite inbhuanaithe d'fhonn a dtionchar ar an gcomhshaol a shrianadh.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Scrúdúchán | 15 x PSÁ |

- Tabhair creidiúint 2 x PSÁ as dhá shampla de ghníomhaíochtaí geilleagracha a aithníodh ón scrúdúchán.
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as tagairt do rialú an tionchair timpeallachta ón scrúdú.
- 2 x PSÁ ar a mhéad má dhéantar plé ar fhorbairt inbhuanaithe gníomhaíochtaí geilleagracha gan tagairt don tionchar comhshaoil.
- 2 x PSÁ ar a mhéad má dhéantar plé ar thionchar comhshaoil gan tagairt d'fhorbairt inbhuanaithe gníomhaíochtaí geilleagracha.

**9C. Gníomhaíocht Gheilleagrach i nGeilleagar i mBéal Forbartha**

Scrúdaigh forbairt ceann **amháin** díobh seo a leanas agus tagairt agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

- Tionscail gan chuing
- Seirbhísí airgeadais
- Ollturasóireacht.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Geilleagair forbartha ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 14 x PSÁ |

- Tabhair creidiúint 2 x PSÁ i gcomhair samplaí ón scrúdúchán.
- 2 x PSÁ ar a mhéad as scrúdúchán gan tagairt do thír forbartha ainmnithe.
- Scrúdúchán ar gheilleagar i mbéal forbartha 0 marc
- Má scrúdaítear níos mó ná geilleagar forbartha amháin, marcáil astu féin iad agus bronn an marc is airde.
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura dtugtar ach cur síos ar an ngníomhaíocht gan tagairt ar bith d'fhorbairt na gníomhaíochta.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

### 10A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chaisleán an Bharraigh a ghabhann leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.
Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh mar is ceart gach ceann díobh seo a leanas:

- Abhainn
- Séipéal
- Timpeallán
- Droichead.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Coibhneas | 4 mharc (Grádaithe 4/0) |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0) |
| | Ainmnithe - 1 mharc |

- Ní mór go mbeadh an tsracléarscáil tarraingthe go leath an fhaid agus leath an leithid. Is iad na tomhais a theastaíonn 14.7 cm x 9.7 cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm].
- Ní mór ceithre thaobh tarraingthe a bheith ag an sracléarscáil. Níl sé inghlactha imeall an leathnaigh a úsáid. Cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó nach ndéantar ach cuid den aerfótagraf a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre. Ná ceadaigh ach marcanna lipéadaithe.
- Má úsáidtear an tSuirbhéireacht Ordanáis in ionad an aerfótagraif 0 marc.
- Féadfaidh lipéid a bheith curtha ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór iarracht a bheith ann ar ghné a thaispeáint chun go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc go ndearnadh iarracht í a aimsiú.
- Marcanna taispeána grádaithe 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) le haghaidh lánmharcanna taispeána.
- Is féidir an sracléarscáil a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

**10B. Fadhbanna Uirbeacha**

Pléigh an dóigh a bhféadfadh **dhá** cheann ar bith de na fadhbanna seo a leanas a bheith mar thoradh ar fhás na n-ionad uirbeach agus tagairt á déanamh agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/uirthi:

- Plódú tráchta
- Meathlú uirbeach
- Sraoilleáil Uirbeach.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Sampla d'ionad uirbeach | 2 mharc |
| Plé ar fhadhb a haon | 7 x PSÁ |
| Plé ar fhadhb a dó | 7 x PSÁ |

- ➢ Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as an dara sampla d'ionad uirbeach ón bplé.
- ➢ Féadfaidh lárionad uirbeach a bheith ina chathair, ina chuid shonrach de chathair nó ina bhaile ainmnithe.
- ➢ 2 x PSÁ ar a mhéad má bhíonn plé ann gan tagairt d'fhadhb uirbeach.
- ➢ 2 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil ann ach cur síos díreach ar an bhfadhb gan tagairt d'fhás na lárionad uirbeach.

**10C. Dinimic Daonra**


Scrúdaigh an dóigh a dtéann ceann **amháin** ar bith de na tosca seo a leanas i bhfeidhm ar leibhéil an athraithe ar an daonra, agus tagairtí agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu:

- Forbairt acmhainní
- Leibhéil ioncaim
- Sochaí agus cultúr.

**[30m]**

## Ceist 11

### 11A. Pirimidí Daonra




www.reddit.com

Scrúdaigh an phirimid daonra thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén phirimid ag a bhfuil céatadán níos airde daoine san aoisghrúpa 50-54?
(ii) Maidir le pirimid **A**, cén aoisghrúpa a bhfuil an céatadán is airde de na fir ann?
(iii) Cén pirimid daonra ina bhfuil ráta báis is airde, Pirimid **A** nó Pirimid **B**? Agus tagairt á déanamh do struchtúr na pirimide, tabhair píosa fianaise **amháin** chun tacú le do fhreagra.
(iv) Cé acu de na pirimidí, **A** nó **B**, a sheasann do thír sa domhan i mbéal forbartha? Ainmnigh sampla de thír fhorbartha.
(v) Mínigh go hachomair **dhá** dhúshlán atá roimh thír ina bhfuil pirimid daonra cosúil le Pirimid **A**.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Pirimid B | 2 mharc |
| (ii) | 0-4 | 2 mharc |
| (iii) | Pirimid A | 2 Mharc |
| | Aon fhianaise bhailí | 2 mharc |
| (iv) | Pirimid B | 2 mharc |
| | Sampla bailí | 2 mharc |
| (v) | Míniú bailí ar bith | 2 + 2 mharc |
| | Míniú bailí ar bith | 2 + 2 mharc |

**11B. Talamhúsáid Uirbeach**

Scrúdaigh conas a d'athraigh suíomh **dhá** cheann de na húsáidí talún seo a leanas i gcathair in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat uirthi:

- Úsáid talún thionsclaíoch
- Úsáid talún chónaithe
- Úsáid talún tráchtála

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Cathair in Éirinn ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdú ar úsáid talún 1 | 7 x PSÁ |
| Scrúdú ar úsáid talún 2 | 7 x PSÁ |

- ➢ Tabhair creidiúint x PSÁ 1 in aghaidh na húsáide talún as tagairt a dhéanamh d'athrú ón scrúdúchán.
- ➢ 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na húsáide talún má scrúdaítear criosanna úsáide talún gan tagairt d'athruithe.
- ➢ 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na húsáide talún má scrúdaítear criosanna úsáide talún gan tagairt do chathair in Éirinn.
- ➢ Tá an cheist seo teoranta d'Éirinn.

**11C. Dáileadh Lonnaíochta**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis de Chaisleán an Bharraigh a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Ag baint úsáid as fianaise ón léarscáil, tabhair cuntas ar éagsúlachtaí i ndáileadh lonnaíochta idir an ceantar ó thuaidh ó Thuaidhlíne 93 agus an ceantar ó dheas ó Thuaidhlíne 93.

**[30m]**

Trí chúis le héagsúlachtaí i ndáileadh lonnaíochta @ 10 marc an ceann
Ar gach ceann de na **trí** chúis:

| | |
|---|---|
| Cúis ainmnithe | 2 mharc |
| Fianaise léarscáile SO | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 3 x PSÁ |

- Má úsáidtear aerfótagraf in ionad léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, ceadaigh athruithe i ndáileadh lonnaíochta a aithint, ar an gcoinníoll go bhfuil siad bailí agus ábhartha maidir leis an limistéar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

## Ceist 12

**12A. An Daonra Uirbeach**

Daonra uirbeach mar chéatadán (%) den daonra iomlán in 2020

| Tír | 2020 |
|---|---|
| An Airgintín | 92% |
| Ceanada | 82% |
| Éire | 66% |
| An Indinéis | 58% |
| An Nigéir | 54% |
| An India | 35% |

Curtha in oiriúint ó www.worldbank.org

Scrúdaigh na sonraí thuas a thaispeánann daonra uirbeach mar chéatadán den daonra iomlán i dtíortha roghnaithe in 2020.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

**[16m]**

| | **Barrachairt** | **Píchairt** |
|---|---|---|
| Teideal | 2 mharc | 2 mharc |
| Ais cheartingearach ainmnithe | 1 mharc | 1 mharc-Ciorcal |
| Ais chothrománach ainmnithe | 1 mharc | 1 mharc-Láraithe |
| 6 mhír léirithe | 2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0) | 2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0) |

- Glactar le haon ghraf / chairt oiriúnach.
- Ní leor ainm a thabhairt ar chineál an ghraif/na cairte chun na marcanna i leith an teidil a ghnóthú. Ní mór tagairt a bheith sa teideal d'ábhar na cairte, agus is féidir é a scríobh aon áit ar an ngraf.
- Sa chás nach n-úsáidtear grafpháipéar, dealaítear 2 mharc ón iomlán.
- Cuir an 2 mharc grádaithe i bhfeidhm mura mbreactar síos i gceart na spásanna uimhrithe agus leithid na gcolún.

(ii) Mínigh go hachomair dúshlán **amháin** atá roimh thíortha ina bhfuil céatadán ard den daonra ina gcónaí i gceantair uirbeacha.

**[4m]**

Míniú bailí ar bith 2 + 2 mharc

**12B. Imirce**

Tabhair cur síos agus míniú ar na hathruithe ar na patrúin imirce go hÉirinn agus as Éirinn ó 1950 i leith.

**[30m]**

**12C. Teoiric an Lárionaid**

Déan cur síos agus míniú ar Theoiric an Lárionaid agus tagairt á déanamh agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30m]**

## ROINN 4

## ROGHANNA

## Ceist 13 go 24

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

**Nóta:** Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

## Idirspleáchas Domhanda

**Nóta:** Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**13.** Scrúdaigh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cabhair ar fhorbairt.

**[80m]**

**14.** Scrúdaigh cúiseanna agus tionchair aon cheann **amháin** de na saincheisteanna comhshaoil domhanda seo a leanas:

- Téamh domhanda
- Dífhoraoisiú
- Fairsingiú fásaigh

**[80m]**

**15.** Tá an inbhuanaitheacht ina shamhail d'fhorbairt amach anseo.
Déan plé ar an ráiteas sin agus déan tagairt do **thrí** cheann ar bith díobh seo a leanas:

- Úsáid acmhainní
- Cóirthrádáil
- Saincheisteanna ceartais
- Féintuilleamaí

**[80m]**

## Geo-éiceolaíocht

**Nóta:** Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**16.** Scrúdaigh tionchar ábhar mianrach, aeir, uisce agus ábhar orgánach ar fhorbairt ithreach.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné aitheantais: | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| **C**omhleanúnachas Foriomlán: | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Dírítear an cheist ar thionchar ábhar mianrach, aeir, uisce agus ábhar orgánach ar fhorbairt ithreach.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear suas le 3 shampla dar luach 3 x PSÁ ar a mhéad (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear suas le 2 léiriú lipéadaithe dar luach 2 x PSÁ ar a mhéad (léirithe éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**17.** Scrúdaigh conas a imríonn **gach** ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas ar bhithóim:

- Leagan foraoisí báistí trópaiceacha
- Dianchleachtais talmhaíochta
- Forbairt thionsclaíoch

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné aitheantais: | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Foriomlán: | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Dírítear an cheist ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíocht an duine ar bhithóim.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear suas le 3 shampla dar luach 3 x PSÁ ar a mhéad (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear suas le 2 léiriú lipéadaithe dar luach 2 x PSÁ ar a mhéad (léirithe éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**18.** D’fhorbair patrúin ithreacha éagsúla mar gheall ar ghníomhaíocht próiseas éagsúil foirmithe ithreach. Pléigh.

**[80m]**

## Cultúr agus Ionannas

**Nóta:** Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**19.** Scrúdaigh éifeachtaí na dteorainneacha polaitiúla agus/nó fisiceacha ar ghrúpaí cultúrtha.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné aitheantais: | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Foriomlán: | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Dírítear an cheist ar éifeachtaí na dteorainneacha polaitiúla agus/nó fisiceacha ar ghrúpaí cultúrtha.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear suas le 3 shampla dar luach 3 x PSÁ ar a mhéad (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear suas le 2 léiriú lipéadaithe dar luach 2 x PSÁ ar a mhéad (léirithe éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**20.** ‘Tá féiniúlacht chultúrtha sainithe le go leor tosca éagsúla’.
Scrúdaigh an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat do chás-staidéar ar réigiún Eorpach a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[80m]**

**21.** Scrúdaigh na straitéisí a cuireadh i bhfeidhm nó a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun tacú le marthanas teangacha mionlaigh.

**[80m]**

## Comhshaol an Atmaisféir agus na nAigéan

**Nóta:** Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**22.** Déan cur síos agus tabhair cuntas ar shaintréithe cineáil aeráide domhanda **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[80m]**

**23.** Imríonn malartuithe uisce idir aigéin agus atmaisféar, thar dhromchla an domhain, tionchar ar fhrasaíocht agus ar a patrúin dáileacháin.
Pléigh.

**[80m]**

**24.** Bíonn tionchar ag saintréithe aeráide ar fhorbairt eacnamaíoch.
Pléigh an ráiteas seo agus bíodh tagairt agat do thalmhaíocht.

**[80m]**

## Fiosrú sa Tíreolaíocht

**1.** **RÉAMHRÁ** (5 mharc):

| | |
|---|---|
| 4 x PSÁ: | 1 mharc an ceann |
| C/L: | 1 mharc |

- Ní mór baint a bheith ag na haidhmeanna leis an bhfiosú agus ní mó dóibh a bheith sonrach agus cáilithe.

**2.** **PLEANÁIL** (5 mharc):

| | |
|---|---|
| 4 x PSÁ: | 1 mharc an ceann |
| C/L: | 1 mharc |

- An fhaisnéis a theastaíonn agus na modhanna bailithe a aithint.
- Ní mór don tagairt don athbhreithniú a bheith bailí.
- Ní mór do gach ráiteas a bheith cáilithe e.g. trealamh cleachtaidh cá háit/cén dóigh/cad chuige?
- Obair arna críochnú ag an múinteoir amháin = 0 marc

**3. BAILIÚ SONRAÍ** (40 marc):

Dhá mhodh / thasc @ 18 marc an ceann.
I gcás gach modha / taisc: 9 x PSÁ @ 2 mharc an ceann
C/L: 4 mharc (grádaithe 4/2/0)

- Ní mór don chuid maidir le bailiú sonraí a bheith bunaithe ar ghníomhaíocht. Pléitear sa chuid seo an tuairisciú an dóigh a gcuathas i mbun bailithe. Ba cheart cur síos ar na gníomhaíochtaí a rinneadh a bheith ann.
- D'fhéadfadh gurb é atá i gceist le modh ná tasc arb ionann é agus grúpa de ghníomhaíochtaí nasctha ábhartha. Ní mór na tascanna/modhanna sin a thuairisciú i gcomhthéacs na n-aidhmeanna a sonraíodh.
- D'fhéadfaí sonraí Príomhúla a ghiniúint le foinsí tánaisteacha faisnéise.
- Ní leor ráitis shimplí e.g. bhreithnigh mé na gnéithe, thaifead mé na torthaí, tharraing mé an tírghné etc.
- Ní mór cáilíocht éigin a bheith sa ráiteas e.g. cén dóigh/cá háit?
- Ní mór creidiúint a thabhairt i leith léaráidí/sceitsí má léiríonn siad an ghníomhaíocht an bhailithe. PSÁ amháin in aghaidh an taisc/modha as sceitsí/léaráidí atá déantar go maith, go néata agus ar a bhfuil an lipéad cuí, bunaithe ar ghníomhaíocht agus ina léirítear an próiseas bailithe.
- Is féidir PSÁ amháin eile in aghaidh an taisc/modha a bhronnadh i gcás go bhfuil faisnéis bhreise ar sceitse (nach bhfuil sa chuid scríofa seo).
- Ní mór do sceitsí/léaráidí a bheith ar na leathanaigh chuí sa chuid maidir le bailiú.
- Gan aon mharcanna do thorthaí sa chuid scríofa seo.
- Marc ar an iomlán is ea an comhleanúnachas as ábharthacht na hoibre sa chuid seo i ndáil leis na haidhmeanna a sonraíodh.

**4. TORTHAÍ, TÁTAIL, LUACHÁIL** (30 marc):

Trí cheannteideal @ 8 marc an ceann.
I gcás gach ceannteidil: 4 x PSÁ @ 2 mharc an ceann
C/L: 6 mharc (grádaithe 6/4/2/0)

- Ná bronntar marcanna as Torthaí / Tátail / Luacháil ach amháin má tá siad sa chuid chuí den leabhrán tuairiscithe.
- Ní mór Torthaí / Tátail / Luacháil a bheith nasctha le haidhmeanna agus nasctha le gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích i gcuid an bhailithe faisnéise (Cuid 3).
- Is féidir torthaí a bhaint as cairteacha/táblaí ar na leathanaigh ghrafpháipéir chuí.
- Bíonn na tátail bunaithe go díreach nó go hindíreach ar na torthaí; luacháil atá ann sa chás nach mar sin a dhéantar.
- Níl na tátail nasctha le toradh sonrach ach caithfidh siad a bheith ábhartha do na tascanna a cuireadh i gcrích i gCuid 3.
- Ba cheart ard-ord smaointeoireachta a léiriú sna luachálacha agus ba cheart raon téamaí a bheith iontu. Ba cheart go mbeadh baint acu leis na haidhmeanna i gCuid 1 agus leis na tascanna a cuireadh i gcrích i gCuid 3. Ní mór dóibh a bheith sonrach agus cáilithe.
- Is féidir leis an luacháil a bheith fadbhreathnaitheach nó iardhearcach.
- Ná tugtar marcanna dúbailte d’fhaisnéis a bhaineann le saincheisteanna a luaitear i gCuid 3.

## 5. **EAGRÚ AGUS CUR I LÁTHAIR NA dTORTHAÍ** (20 marc):

Dhá mhodh éagsúla don chur i láthair:

| | |
|---|---|
| Gach cur i láthair: | 4 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas ginearálta (C): | 4 mharc (grádaithe 4/2/0) |

- Ní mór na torthaí a bheith curtha i láthair ar dhá bhealach éagsúla m.sh. graif, cairt, léarscáil, tábla, sracléaráid, etc.
- Ní mór na torthaí a bheith tarraingthe ar na leathanaigh ghrafpháipéir chuí i gCuid 4 den leabhrán tuairiscithe.
- 4 PSÁ ar a mhéad in aghaidh mhodh an chuir i láthair.
- Is ionann an Comhleanúnachas Ginearálta agus caighdeán agus soiléire an chuir i láthair. Tugtar 4 mharc as an gcur i láthair foriomlán. Ní féidir marcanna as Comhleanúnachas Ginearálta a bhronnadh mura bhfuil ach modh amháin le feiceáil sa chur i láthair.

## BRISEADH SÍOS AR NA MARCANNA DON CHUR I LÁTHAIR

**BARRACHAIRT / TREOGHRAF / SCAIPGHRAF etc.:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach | 2 mharc |
| Ais amháin le haonaid nó scála: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Gach ceann de 2 phointe / bharra tarraingthe agus lipéadaithe go cruinn: | 2 x PSÁ = 4 mharc |

**PÍCHAIRT:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Ciorcal agus an lárphointe go cruinn ann: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Gach ceann de 2 theascóg tarraingthe agus lipéadaithe go cruinn: | 2 x PSÁ = 4 mharc |

**TÁBLA RANGORDAITHE / TÁBLA:**

**Tábla Ilsraithe / Ilcholún**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Bosca: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Sraitheanna / Colúin x 2 lipéadaithe: | 2 x PSÁ = 4 mharc |

**Tábla le Sraith / Colún Aonair**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Bosca: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Sraith / Colún lipéadaithe | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Faisnéis ábhartha: | 1 x PSÁ = 2 mharc |

**SRACLÉARÁID / LÉARSCÁIL:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Fráma: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Dhá mhír faisnéise a bhaineann le hábhar na dtorthaí: | 2 x PSÁ = 4 mharc |

## Aguisín 1

## Liosta na dTopaicí Fiosrúcháin Tíreolaíochta in 2024

1. Patrúin dhéimeagrafacha a athrú i gceantar áitiúil.

2. Fiosraigh conas a théann geolaíocht i bhfeidhm ar an tírdhreach i gceantar áitiúil.

3. Truailliú uisce – Staidéar ar shruth nó abhainn áitiúil.

4. Staidéar ar athrú uirbeach i gceantar áitiúil.

5. Tionchar eacnamaíoch **agus/nó** timpeallachta aon ghníomhaíocht eacnamaíoch amháin i gceantar áitiúil.

6. Déan iniúchadh ar conas mar a théann próisis gheomorfacha i bhfeidhm ar mhúnlú an tírdhreacha i dtimpeallacht abhann **nó** chósta **nó** oighreach.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Aguisín 2

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos.**

## Tábla 400 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mhairc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 – 303 | 29 |
| 304 – 306 | 28 |
| 307 – 310 | 27 |
| 311 – 313 | 26 |
| 314 – 316 | 25 |
| 317 – 320 | 24 |
| 321 – 323 | 23 |
| 324 – 326 | 22 |
| 327 – 330 | 21 |
| 331 – 333 | 20 |
| 334 – 336 | 19 |
| 337 – 340 | 18 |
| 341 – 343 | 17 |
| 344 – 346 | 16 |
| 347 – 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |

Fiosrú Tíreolaíochta – Ní chuirtear san áireamh san iomlán do mharcanna bónais é

Nóta: Scéim mharcála mhionathruithe ar fáil d'iarrthóirí a rinne páipéar scrúdaithe mionathruithe